

An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2026
(OR. en, de)

10684/26
ECOFIN 835
PV CONS 41
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH¹
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)
12 Meitheamh 2026

¹ I láthair Uachtarán BEI.

1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9815/26.

2. Formheas na míreanna ‘A’

(a) Liosta neamhrechtach

9823/26

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tiolacadh lena nglacadh.

Plé reachtach

(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

3. An Rialachán maidir le raon feidhme SCCT a leathnú chuig earraí iartheachtach agus maidir le bearta chun imchéimniú a sheachaint
Cur chuige ginearálta



10208/26 +
ADD 1
10209/26

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Rialachán thuasluaite. Déantar ráitis ón Eastóin, ón nGearmáin agus ó Mhálta a leagan amach san Iarscríbhinn.

4. An Pacáiste um an gcomhtháthú margaidh agus maoirseacht



9891/26

(a) An Treoir maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh i ndáil leis an gcomhtháthú margaidh caipitil agus maoirseacht laistigh den Aontas

(b) An Rialachán maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh i ndáil leis an gcomhtháthú margaidh caipitil agus maoirseacht laistigh den Aontas

(c) An Rialachán maidir le Críochnaitheacht Socraíochta
Díospóireacht bheartais

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an bpacáiste um an gcomhtháthú margaidh agus maoirseacht.

5. Aon ghnó eile

(a) Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair
Faisnéis ón Uachtaránacht

9814/26

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil faoin obair leanúnach atá á déanamh ar thograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais.

Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha

6. Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin
Úcráin
Malartú tuairimí
7. An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip 9418/26 + ADD 1
Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid [C] 9419/26 + ADD 1
Téarnaimh agus Athléimneachta 9517/26 + ADD 1
(Bunús dlí: Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241) 9518/26 + ADD 1
Glacadh 9521/26 + ADD 1
8. Seimeastar Eorpach 2026: Pacáiste an Earraigh 9935/26
Cur i láthair ón gCoimisiún 9955/26
Seisiún tuairimíochta 9956/26
9. Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch
- (a) Clásal éalaithe náisiúnta: Moladh ón gComhairle 9913/26
(Bunús dlí: Rialachán (AE) 2024/1263)
- (b) Cinneadh ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Easnamh 9915/26
Iomarcach
(Bunús dlí: Airteagal 126(12) CFAE)
Glacadh
10. Aon ghnó eile



An chéad léamh



Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘B’ a leagtar amach in 9815/26

Mír 3 ar liosta na míreanna ‘B’: **An Rialachán maidir le raon feidhme SCCT a leathnú chuig earraí iartheachtacha agus maidir le bearta chun imchéimniú a sheachaint**
Cur chuige ginearálta

RÁITEAS ÓN EASTÓIN

Tacaíonn an Eastóin leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) mar ionstraim thábhachtach chun sceitheadh carbóin a chosc, iomaíochas thionscal an Aontais a chosaint agus rannchuidiú le hastaíochtaí domhanda a laghdú.

Mar gheilleagar beag agus an-oscailte, leagann an Eastóin tábhacht ar leith ar a áirithiú go leanfaidh aon leathnú ar SCCT amach anseo de bheith comhréireach, spriocdhírithe agus inoibrithe ó thaobh riaracháin de. Cé go bhféadfadh údar a bheith le bearta lena dtugtar aghaidh ar fhíor-rioscaí sceite carbóin agus imchéimniúcháin in earnálacha iartheachtacha áirithe, dá leathnófaí oibleagáidí SCCT chuig earraí tomhaltais a thrádáiltear go forleathan agus chuig táirgí a bhfuil slabhraí luacha domhanda casta ag baint leo, d’fhéadfaí costais shuntasacha chomhlíontachta a chruthú do ghnólaigh, ualaí breise a chur ar údarais chustaim agus údarais náisiúnta, agus castacht riaracháin bhreise a chruthú nach mbeadh ach tairbhí breise teoranta don aeráid ag baint léi.

Tacaíonn an Eastóin le SCCT a leathnú chuig táirgí iartheachtacha i gcás ina bhfuil tionchar suntasach ann ar an aeráid, riosca soiléir sceite carbóin nó imchéimniúcháin, agus nasc láidir ann le hábhair atá cumhdaithe le SCCT. Má tá táirgí breise le bheith cumhdaithe leis an sásra, ba cheart é sin a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ba cheart measúnú cuí ar an tionchar a bheidh acu a bheith mar thaca leis an gcinneadh sin, lena n-áirítear na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith acu ar phraghsanna, ar chostais chomhlíontachta, ar ualaí riaracháin agus ar shlabhraí soláthair, go háirithe i mBallstáit bheaga atá spleách ar allmhairí.

I gcás roinnt táirgí a moladh le linn na caibidlíochta tar éis an togra bunaidh ón gCoimisiún, ní dhearnadh measúnú leordhóthanach ar an tionchar sin. I bhfianaise na n-ábhar inní sin, tá an Eastóin ag staonadh ón gcur chuige ginearálta. Measann an Eastóin gur cheart d'aon leathnú a dhéanfar amach anseo ar SCCT cur chuige fianaise-bhunaithe a leanúint de réir a chéile, faoi threoir taithí phraiticiúil cur chun feidhme agus measúnuithe tionchair cuimsitheacha agus lena n-áiríteofar go leanfaidh raon feidhme an tsásra de bheith dírithe ar tháirgí agus ar earnálacha inar féidir leis rannchuidiú ar an mbealach is éifeachtaí lena chuspóirí aeráide agus iomaíochais.

RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

Gabhaimid buíochas le hUachtaránacht na Comhairle agus leis an gCoimisiún as an obair chuiditheach a rinne siad ar an sainchomhad.

Is é dearcadh na Gearmáine é gur comhréiteach inghlactha é an dréacht a cuireadh isteach. Tá sé tábhachtach anois dul i mbun caibidlíocht thríthaobhach. Go háirithe, tá sé rithábachtach don earnáil tionsclaíochta aghaidh a thabhairt anois ar na rioscaí a bhaineann leis an leathnú iartheachtach agus an t-imchéimniúchán.

Ba mhaith linn aird a tharraingt ar na pointí seo a leanas:

Maidir leis an leathnú iartheachtach, tá sé tábhachtach dúinn go mbeadh dlúthbhaint ag na Ballstáit leis an gcaibidlíocht thríthaobhach. Is cúram leanúnach a bheidh sa scrúdú critéarbhunaithe ar leathnú an liosta, mar atá leagtha síos sa togra reatha.

Ba cheart mionscrúdú a dhéanamh arís ar an gceist maidir le dramh-mhiotail iarthomhaltais a áireamh mar réamhtheachtaí i dtáirgeadh alúmanaim.

Chun an cur chun feidhme a dhéanamh a neamh-mhaorlathaí agus is féidir, tá sé tábhachtach dúinn freisin go mbeadh feidhm ag luachanna réamhshocraithe domhanda le haghaidh táirgí iartheachacha ar dtús, mar bhunphrionsabal. Agus sonraí iontaofa ann mar bhunchloch, mar atá beartaithe sa chomhréiteach, ba cheart don Choimisiún luachanna réamhshocraithe tírshonracha le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chinneadh agus iad a chur i bhfeidhm in ionad an luacha réamhshocraithe dhomhanda.

Le linn rialachán SCCT a bheith á chur chun feidhme, agus nuair a bheidh leasuithe á ndéanamh amach anseo ar rialachán SCCT, ní mór scrúdú a dhéanamh ar bhearta breise i gcoinne an imchéimniúcháin agus na gcleachtas mí-úsáideach agus ar bhearta lena ndéantar maorlathas a laghdú agus an chosaint ar sceitheadh carbóin, na tréithe cosanta aeráide agus glacadh idirnáisiúnta an tsásra á gcoinneáil ag an am céanna. Tá sé thar a bheith tábhachtach dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí reatha sna réimsí sin go sonrach agus freagairt go tapa orthu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart gníomhaíocht a dhéanamh freisin ar bhonn na roghanna dá bhforáiltear sa togra atá idir lámha. Ina theannta sin, iarraimid ar an gCoimisiún an chosaint ar an imchéimniúchán agus ar chleachtais mhí-úsáideacha, chomh maith le laghdú an ualaigh riaracháin agus simpliú an nós imeachta, a chur san áireamh, go háirithe faoi chuimsiú an chéad phróisis athbhreithnithe eile.

Tá sé ríthábhachtach freisin teacht ar réiteach maidir le cosaint ar sceitheadh carbóin le haghaidh onnmhairí. Maidir leis an togra le haghaidh ciste sealadach dícharbónaithe agus maidir leis an réiteach buan a fógraíodh mar chuid den athchóiriú ar an gcóras trádála astaíochtaí, tá sé tábhachtach go mbeidh cinnteacht phleanála ann don earnáil tionsclaíochta a luaithe is féidir.

Tá sé ríthábhachtach, mar chuid den mheascán beartais chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach, go gcuirfidh SCCT cosaint éifeachtach ar sceitheadh carbóin ar fáil do na hearnálacha tionsclaíocha a chumhdaítear leis, rud a rannchuidíonn le hiomaíochas na n-earnálacha tionsclaíocha sin a choinneáil ar bun. Ní mór athbhreithniú leanúnach a dhéanamh agus an sprioc sin á baint amach, go háirithe faoi chuimsiú an chéad phróisis athbhreithnithe eile.

RÁITEAS Ó MHÁLTA

Tacaíonn Málta leis an gcuispóir sceitheadh carbóin a chosc agus tá sé tiomanta i gcónaí a áirithiú go rannchuideoidh an beartas aeráide go héifeachtach leis an dícharbónú domhanda.

Is díol mór inní do Mhálta fós, áfach, go bhféadfadh an téacs lena leathnaítear an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) thar a bhunchuspóir aeráide tionchair dhíríreacha a imirt ar gheilleagair bheaga atá spleách ar allmhairí, ar nós Mhálta.

Níor tugadh aghaidh fós ar roinnt de na príomhábhair inní:

Ar an gcéad dul síos, i ngeall ar an leathnú atá beartaithe a dhéanamh ar SCCT chuig earraí críochnaithe iartheachacha an-chasta, tá an baol ann go n-imeoidh an ionstraim óna cuspóir bunaidh, is é sin, cothroime iomaíochta a bhaint amach d'earnálacha tionsclaíochta arna gcumhdach ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA). Dá leathnófaí SCCT chuig táirgí atá dírithe ar chustaiméirí, d'fhéadfadh sé go gcuirfí costas boilscitheach ar aghaidh chuig tomhaltóirí, seachas laghduithe fóinteacha ar astaíochtaí a bhaint amach.

Ar an dara dul síos, chuirfeadh an togra ualach díréireach riaracháin agus comhlíontachta ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). I Málta, is micrifhiontair nó FBManna iad níos mó ná 70 % de na oibreoirí atá faoi dhliteanas SCCT. I dteannta a chéile, ní ghineann na hoibreoirí sin ach sciar suarach de na hastaíochtaí a chumhdaítear, ach bheadh ceangal orthu fós oibleagáidí suntasacha tuairiscithe agus riaracháin a chomhlíonadh.

Ar an tríú dul síos, measann Málta go bhfuil castacht riaracháin i gceist leis an téacs, rud a thagann salach ar na hiarrachtaí simpliúcháin atá á ndéanamh. Tá béim á leagan ag Málta i gcónaí ar a thábhachtaí atá teimpléid dhigiteacha chaighdeánaithe uile-Aontais agus uirlisí praiticiúla chun rómhaorlathas nach bhfuil gá leis a laghdú d'oibreoirí eacnamaíocha agus do lucht riaracháin náisiúnta.

Ar deireadh, is ábhar inní do Mhálta go ndeachaigh leathnú tapa an raoin feidhme ar aghaidh gan Measúnú Tionchair tiomnaithe, rud nach raibh ag teacht leis na treoirlíne comhfhreagracha lena sonraítear gur cheart Measúnuithe Tionchair a dhéanamh freisin nuair a dhéantar athbhreithnithe suntasacha ar thograí le linn caibidlíochta. Cruthaíonn sé sin éiginnteacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch, go háirithe do gheilleagair bheaga oileánacha agus do gheilleagair atá spleách ar allmhairí, mar a bhféadfadh éifeachtaí na gcostas agus na gceanglas riaracháin méadaithe a bheith níos géire.

I gcás Mhálta, ní mór aon síneadh ar SCCT a bheith comhréireach, bunaithe ar fhianaise agus fréamhaithe go daingean ina chuspóir aeráide.

Dá bhrí sin, iarrann Málta go dtabharfaí údar níos soiléire le haon leathnú ar an raon feidhme, go dtabharfaí aitheantas cuí d'imthosca sonracha na ngeilleagar beag oileánach agus na ngeilleagar atá spleách ar allmhairí, agus go ndéanfaí bearta praiticiúla simpliúcháin chun a áirithiú go leanfaidh SCCT de bheith ina ionstraim éifeachtach atá bunaithe ar astaíochtaí agus nach mbeidh sé ina ualach costais breise ar shaoránaigh agus ar FBManna.